# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL
**(300 marc)**

DÉ hAOINE, 17 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

- Tá ceisteanna ar **DHEICH dTOPAIC** ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí roinnte ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór do na hiarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar **CHEITHRE THOPAIC** mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Ní mór do na hiarrthóirí **SÉ CHEIST** a fhreagairt mar a leanas as na **CEITHRE** thopaic a roghnaíonn siad:

  Ní mór do na hiarrthóirí **dhá** cheist a fhreagairt as dhá cheann de na topaicí a roghnaíonn siad agus ceist **amháin** as **gach** ceann den dá thopaic eile a roghnaíonn siad.

- Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist. Tá 300 marc san iomlán ag gabháil leis an bpáipéar.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar ar leith, marcáilte le **X**, a ghabhann leis an bpáipéar seo.

**GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4**

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.**

(i) "Dírigh do shúile gach lá ar mhórgacht na hAithne … agus tabhair grá di."
(Óráid Sochraide Pheiricléas as *Stair Chogadh na Peilipinéise* le Túicídidéas.)

(a) Cad a deir Peiricléas san Óráid Sochraide ionas go mbeidh na hAithnigh bródúil as a gcathair? (30)

(b) Cad atá le rá ag Peiricléas faoi ról na mban sa chathair? (20)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

Cléón (an ginearál Aithneach); Gylippus, (an ginearál Spartach); Alcaibiaidéas (an polaiteoir Aithneach). (25, 25)

(iii) (a) Tabhair breac-chuntas ar léigear Plataea in 429 R.Ch. (35)

(b) Cad a tharla do mhuintir Plataea tar éis dóibh géilleadh? (15)

(iv) Cad iad na príomhbhotúin a rinne na hAithnigh sa tSluaíocht chun na Sicile, dar leat? (50)

---

**Topaic 2. Alastar Mór.**

(i) (a) Déan cur síos ar Chath Iseas, an chéad chath a chuir Alastar ar Dháirias. (20)

(b) Cuir stíleanna ceannaireachta Alastair agus Dháirias sa chath sin i gcomparáid le chéile. (15)

(c) Déan cur síos ar conas a chaith Alastar le clann Dháirias i ndiaidh an chatha. (15)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar thuras Alastair chuig an oracal in Siwah san Éigipt. (15)

(b) Cad a tharla le linn a chuairte ar Siwah? (15)

(c) Ar chreid Alastar gur mhac le Séas Ammon é, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

Cléiteas (ginearál Alastair); Póras (rí Indiach); Bessus (ceannasaí Peirseach). (25, 25)

(iv) Rinne trúpaí Alastair ón Macadóin ceannairc ina aghaidh in Opis sa bhliain 324 R.Ch.

(a) Cad iad na cúiseanna a bhí leis an gceannairc seo? (25)

(b) Ina oráid leis na Macadónaigh, luann Alastar gach rud a rinne sé féin agus a athair Pilib ar a son. Tabhair cuntas ar óráid Alastair. (25)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.**

(i) Tar éis dó buachan ar Phoimpéas in Pharsalus, lean Caesar go dtí an Éigipt é.

(a) Tabhair cuntas ar theacht le chéile Chaesair agus Chléópatra i gCathair Alastair. (20)

(b) Ba bheag nár cailleadh Caesar i gcath mara i gCathair Alastair. Déan cur síos ar an eachtra. (30)

(ii) Scríobh Ciceareó litir chuig a chara Atticus faoi phósadh a dhearthár Quintus agus dheirfiúr Atticus, Pomponia.

(a) Tabhair breac-chuntas ar an eachtra a ndéanann Ciceareó cur síos uirthi ina litir. (40)

(b) Cé air a gcuireann Ciceareó an locht faoi na fadhbanna sa phósadh?
Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iii) Ón léamh atá déanta agat ar dhánta Catullus, tabhair do thuairim faoi Chatullus:

(a) mar leannán
(b) mar chara
(c) mar dheartháir. (50)

(iv) (a) Déanann Sallaistias cur síos ar Chaesar agus ar Cható mar bheirt fhear "d'fhiúntas ollmhór, ach de charachtar difriúil".
Ón léamh atá déanta agat ar na téacsanna, cad atá i gceist ag Sallaistias leis seo? (35)

(b) Tabhair breac-chuntas ar bhás Cható. (15)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.**

(i) "Níor chuir aon duine de réamhtheachtaithe Ágastas an oiread céanna seónna poiblí ar fáil riamh ná cinn chomh breá leo ach oiread." (Séatóinias, *Beatha Ágastas*)

(a) Déan cur síos ar na cluichí agus ar na siamsaí a chuir Ágastas ar fáil do mhuintir na Róimhe. (35)

(b) Cén fáth a raibh tábhacht chomh mór sin ag Ágastas sa tsiamsaíocht phoiblí, dar leat? (15)

(ii) "Bhí Tibir chomh crua sin go bhféadfaí sprionlóir a thabhairt air." (Séatóinias, *Beatha Thibir*)

(a) Cad iad na samplaí de sprionlaitheacht Thibir a thugann Séatóinias? (35)

(b) Scríobh cuntas ar bhás Thibir bunaithe ar do léamh ar Thacatas agus ar Shéatóinias. (15)

(iii) Tabhair breac-chuntas ar ghníomhréim Ágastas suas go dtí Cath Aictiam in 31 R.Ch.
(Octáiviánas a thugtaí ar Ágastas le linn an ama sin.) (50)

(iv) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

Livia (bean chéile Ágastas); Iúilia (iníon Ágastas); Gearmánacas (nia Thibir). (25, 25)

---

 **GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7** → **Thall**

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

### Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) (a) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, déan cur síos ar conas a bhaineann Méidé díoltas amach fear céile, Iasón. (35)

(b) An raibh an ceart ag Méidé déanamh mar a rinne sí, dar leat? Mínigh do fhreagra. (15)

(ii) (a) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, déan cur síos ar fhreagairt Éideapúis nuair a fhaigheann sé amach gur mharaigh sé a athair agus gur phós sé a mháthair. (35)

(b) Cad a scanraíonn Éideapús faoi thodhchaí a iníonacha? (15)

(iii) Sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, nuair a chuirtear fios ar an bhfáidh Tiresias chun labhairt le hÉideapús, diúltaíonn sé an rud atá ar eolas aige a rá.

(a) Déan cur síos ar an teacht le chéile idir Éideapús agus Tiresias. (40)

(b) Cén t-eolas a fháisceann Éideapús as Tiresias faoi dheireadh? (10)

(iv) (a) In *Méidé* le hEoiripidéas, cad iad na cúiseanna a thugann Iasón do Mhéidé lena phósadh le Glauce, iníon an Rí? (35)

(b) An mbraitheann tú aon bhá le hIasón ag deireadh an dráma? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

---

### Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, cén fáth a bhfuil an dia Poiséadón ina namhaid ag Odaiséas? (20)

(b) Cén chaoi a bhféachann Poiséadón le hOdaiséas a chosc ó dhul abhaile? (20)

(c) Cén pionós a chuir an dia Poiséadón ar mhuintir Phaeacia as cabhrú le hOdaiséas? (10)

(ii) (a) Cad ab ea Scylla agus Charybdis san *Odaisé* le Hóiméar? (15)

(b) Déan cur síos ar theagmháil Odaiséas agus a chuid fear le Scylla agus Charybdis. (20)

(c) Cad a fhoghlaimíonn tú faoi charachtar Odaiséas ón eachtra seo? (15)

(iii) (a) I Leabhar 1 den *Aeinéid* le Veirgil, nuair a labhraíonn Iúpatar le Véineas, cad a nochtann sé faoi chinniúint Aeinéas agus a shleachta? (25)

(b) I Leabhar 6, nuair a chastar ar a chéile sa Domhan Thíos iad, cad a fhoghlaimíonn Aeinéas óna athair Anchises faoina chinniúint agus faoi chinniúint a shleachta? (25)

(iv) (a) Déan cur síos gairid ar eachtra amháin as an *Aeinéid*, na Leabhair 1– 6, ina dtaispeánann Iúnó gur fuath léi Aeinéas agus na Traígh. (30)

(b) Mínigh cén fáth ar fuath le hIúnó Aeinéas agus na Traígh. (20)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.**

(i) I Leabhar 6 den *Aeinéid* le Veirgil, treoraíonn an tSibille Aeinéas síos chuig abhainn an Stiocs.

(a) Tabhair cuntas ar Charón, an farantóir sa Domhan Thíos. (15)

(b) Conas a mhíníonn an tSibille na hanamacha plódaithe ar bhruach na habhann d'Aeinéas? (20)

(c) Tabhair cuntas ar an tsamhail a úsáideann Veirgil le cur síos ar na hanamacha ar bhruach na habhann. (15)

(ii) (a) In *Cogaíocht Aicmeach* le Livias, cén scéal a insíonn Menenius Agrippa do na pleibigh d'fhonn a áitiú orthu teacht isteach sa chathair arís? (25)

(b) Cén teachtaireacht a bhí ina scéal? (15)

(c) Cén rud tábhachtach a ghéill na Seanadóirí do na pleibigh? (10)

(iii) (a) Déan achoimre ghearr ar an scéal *An Leadránaí* le Horáit. (35)

(b) Ar bhain tú taitneamh as *An Leadránaí*? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(iv) (a) Cén dán le Proipeirtias ar do chúrsa is fearr leat? (5)

(b) Déan achoimre ar an dán a roghnaigh tú. (25)

(c) Mínigh cén fáth ar roghnaigh tú an dán sin mar an dán is fearr leat. (20)



GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10 → Thall

**GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10**

## Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i) Déan staidéar ar **Fhótagraf A** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas.

(a) Ainmnigh an foirgneamh a léirítear i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X** agus luaigh cén áit a bhfuil sé suite. (10)

(b) Tabhair cuntas iomlán ar an struchtúr, agus úsáid na téarmaí cearta ailtireachta. (25)

(c) Mínigh conas a oireann dearadh an fhoirgnimh seo go maith dá chuspóir. (15)

(ii) Taispeánann **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** na dealbha ón bpeidiméid thiar ar Theampall Shéas in Oilimpia. Taispeánann **Fótagraf C** an fhíor lárnach sa pheidiméid.

(a) Ainmnigh an fhíor lárnach sa pheidiméid. (10)

(b) Conas ar dhéileáil an dealbhóir leis an dúshlán a bhain lena dhealbha a shuí isteach i spás triantánach na peidiméide? (20)

(c) Baineann an dealbhóireacht seo leis an tréimhse Chlasaiceach Luath den dealbhóireacht Ghréagach. Conas atá an fhíor lárnach ina sampla tipiciúil den tréimhse sin? (10)

(d) Cén scéal atá á léiriú sa radharc ar an bpeidiméid? (10)

(iii) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** cuid den fhríos leanúnach ar an bPartanón.

(a) Mínigh cad is brí leis an bhfocal 'fríos'. (5)

(b) Cé hiad na fíoracha a léirítear san fhótagraf? (10)

(c) Cá háit ar an teampall a raibh an fríos seo suite? (Féadfaidh tú sceitse a úsáid i do fhreagra.) (10)

(d) Ainmnigh an dealbhóir a bhí i bhfeighil ar dhealbhóireacht an fhríosa ar an bPartanón. (5)

(e) Déan cur síos ar an bhfríos iomlán ar an bPartanón. (20)

(iv) Déan staidéar ar **Fhótagraf E** ar **Pháipéar X**.

(a) Ainmnigh an dealbh a léirítear i bh**Fótagraf E** ar **Pháipéar X**. (10)

(b) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(c) Déan trácht ar shnoíodóireacht an éadaigh. (10)

(d) Conas a léirigh an dealbhóir an caidreamh spraíúil caoin idir an bhean agus an páiste, dar leat? (20)

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.**

(i) (a) Tabhair cuntas ar Fháthscéal na hUaimhe le Platón i d'fhocail féin. (30)

(b) Mínigh brí an fháthscéil seo. (20)

(ii) In *An Phoblacht* le Platón, áitíonn Sócraitéas gurb é nádúr na mban a bheith chomh cumasach leis na fir chun na tascanna ar fad ina Stát Idéalach a dhéanamh.

(a) Tabhair breac-chuntas ar na hargóintí a dhéanann Sócraitéas chun a chás a chruthú. (35)

(b) An aontaíonn tú le hargóintí Shócraitéas faoi chumas na mban? Mínigh do fhreagra. (15)

(iii) Dar le Sócraitéas, "Níl an duine aonair neamhspleách ann féin ach tá go leor riachtanas aige nach féidir leis féin a shásamh." (*An Phoblacht* le Platón)

(a) Cén chaoi a n-úsáideann Sócraitéas an argóint seo le cur síos ar bhunús na sochaí? (40)

(b) Cén chaoi a n-éiríonn sochaí sibhialta, dar le Sócraitéas? (10)

(iv) Mhaígh Adeimantus go raibh fealsúna "gan feidhm, é sin nó contúirteach".

(a) Mínigh conas a chosnaíonn Sócraitéas ról na bhfealsamh ar an chúiseamh seo. (35)

(b) An aontaíonn tú le hargóintí Shócraitéas? Mínigh do fhreagra. (15)

---



Topaic 10 → Thall

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.**

(i) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** an t-uiscerian Rómhánach in Segovia sa Spáinn.
Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** an t-uiscerian Rómhánach a dtugtar Pont du Gard air.

(a) Mínigh conas a úsáideadh uiscerianta chun uisce a thabhairt go bailte Rómhánacha. (10)

(b) Déan trácht ar úsáid na háirse i struchtúir dá leithéid. (20)

(c) Déan comparáid idir an t-uiscerian in Segovia agus an t-uiscerian a dtugtar Pont du Gard air. (20)

(ii) Léiríonn **Fótagraf H** ar **Pháipéar X** dealbh d'uasal Rómhánach agus dealbha brád á n-iompar aige.

(a) Cén fáth a léirítear an fear seo agus dealbha brád á n-iompar aige? (10)

(b) Déan trácht ar an éadach atá á chaitheamh ag an bhfear seo. (15)

(c) Cén chaoi a bhfuil an dealbh seo ina sampla tipiciúil de phortráidí Rómhánacha i gcoitinne, dar leat? (25)

(iii) Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** plean de na Folcadáin Stáibiacha i bPoimpé.

(a) Déan cur síos iomlán ar na Folcadáin Stáibiacha, agus bain úsáid as an bplean. (30)

(b) Mínigh an tábhacht a bhain le folcadáin i saol baile mhóir thipiciúil de chuid na Rómhánach. (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf J** ar **Pháipéar X** saothar cáiliúil múrealaíne as Poimpé.

(a) Ainmnigh na trí phríomhfhíor sa phictiúr seo agus déan cur síos ar an rud atá ag tarlú. (20)

(b) An aontaíonn tú gur léirigh an t-ealaíontóir an radharc go drámata? Mínigh do fhreagra. (20)

(c) Cén fáth ar mhaisigh na Rómhánaigh a gcuid seomraí le saothair mhúrealaíne? (10)

---